Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

12150/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0263(NLE)

ACP 117
WTO 282
COASI 122
RELEX 791

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11030/20 + ADD 1 - COM(2020) 576 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo<br>- Glacadh |

1. An 22 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo.

2. Phléigh Meitheal ACC an togra thuasluaite agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2020.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

- an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo, mar a leagtar amach in 11656/20 agus in 11669/20 é, a ghlacadh, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs;
- a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil tar éis an tsínithe;
- Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an chinnidh ón gComhairle.